1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a tionóladh ar MS Teams agus ag 1 Geata Thuain, Cearnóg Belgard Thoir, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.**

**Cruinniú:** 4:30 pm, 18 Meán Fómhair 2023

**I láthair:** Anne Genockey, Brendan O'Halloran, an Clr Cathal Boland, an Clr Charlie O'Connor, Daneve Harris, Claire Markey (Cathaoirleach), an Clr John Walsh, an Clr Yvonne Collins, an Clr Kate Ruddock, an Clr Kazi Ahmed, Ken Farrell, an Clr Pamela Kearns, an Clr Brigid Manton, an Clr Michael Clark, Paul McNally, an Clr Pamela Conroy, an Clr Siobhan Shovlin, an Clr Liam Sinclair.

**Leithscéalta:** Susan Duffy, Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Adrian Flynn, Stiúrthóir na Scoileanna; **As láthair:** neamhbhainteach

**I láthair:** Caitríona Murphy, POF. Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna; Paul Turner, Stiúrthóir ar Thacaíocht & Forbairt Eagraíochta; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí.

**Doiciméadúchán:** Arna nUaslódáil Go Leictreonach

**Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach, Claire Markey, an cruinniú in láthair agus chuir sí fáilte roimh chách.

1. **Comhbhrón**

Gabhadh comhbhrón le teaghlaigh uile na mball foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas agus bhí nóiméad ciúnais ann.

2. **Dearbhú Coinbhleachtaí Leasa** Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. **Ábhair le Réiteach ag an mBord**

**Glacadh** le Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo a tionóladh ar an 19 Meitheamh 2023**, Molta ag:** an Clr Charlie O'Connor**, Cuidithe ag:** an Clr Cathal Boland

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**Ceapacháin Chomhaltaí na mBord Bainistíochta**
Ceapachán an Chomhairleora Pamela Conroy agus an Chomhairleora John Walsh mar Ionadaithe BOO
chun bord bainistíochta Scoil Speisialta Pobail Danú **Molta ag: Claire Markey, Cuidithe ag: an Clr Cathal Boland**

Ceapachán Daneve Harris agus Anne Genockey mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta Ardscoil Tacaíochta Speisialta Bhaile Uí Dhúda
Ceapachán an Chomhairleora Brigid Manton mar Ionadaí BOO chun bord bainistíochta PSN An Mhóinéir Leathain
Ceapachán Conor McGuckin agus Anne Genockey mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta PSN Iarthair na Cathrach & Theach Sagard Ceapachán an Chomhairleora Brigid Manton mar Ionadaí BOO chun bord bainistíochta Scoil na Crannóige Nua
Ceapachán Daneve Harris mar Ionadaí BOO chun bord bainistíochta PSN Leamhcáin
Ceapachán an Chomhairleora Michael Clark agus an Chomhairleora Kate Ruddock mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta an Scoil Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
Ceapachán an Chomhairleora Brigid Manton agus an Chomhairleora Pamela Kearns mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta Scoil Bhaile an Oibricigh
Ceapachán Colm Kilgallon agus an Chomhairleora Brigid Manton mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta PSN Bhaile na hAbhann
Ceapachán Ian Murphy mar Ionadaí BOO chun bord bainistíochta Scoil Aoife PSN
Ceapachán Colm Kilgallon agus an Chomhairleora Brigid Manton mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta Scoil Chormaic PSN
Ceapachán an Chomhairleora Pamela Conroy agus an Chomhairleora John Walsh mar Ionadaithe BOO chun bord bainistíochta Scoil Choilm PSN Scoil Ghráinne PSN
Ceapachán an Chomhairleora Charlie O'Connor agus Anne Genockey mar Ionadaithe BOO
chun bord bainistíochta PSN Tamhlachta
**Molta ag:** an Clr Siobhan Shovlin**, Cuidithe ag:** an Clr John Walsh

4. **Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord**
Ciorcláin – **Tugtha ar Aird**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



## 5. Ábhair arna gCur isteach ag an bhFeidhmeannas

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an mBord Meán Fómhair 2023**

Fáilte romhaibh uile ag tús na bliana acadúla 2023. Ba mhaith liom tosú le cúpla nuashonrú agus fógraí tábhachtacha.

Ach sula ndéanfaidh mé sin, ba mhaith liom a lua go raibh roinnt cailliúintí uafásacha ann ón uair dheireanach gur tháinig muid le chéile, mar atá luaite ag Claire cheana agus ar thug sí ómós ina leith. D'imigh beirt dár mball foirne ar shlí na fírinne gan choinne i rith an tSamhraidh. D'imigh Frances Murphy ó Choláiste Pobail Leamhcáin – múinteoir agus comhordaitheoir sholáthair acmhainní breise, ar shlí na fírinne ar a lá deireanach ar scoil sula raibh sí le héirí as. D'imigh Caroline Cooney, Leas-Phríomhoide Choláiste Pobail Naoimh Finian ar shlí na fírinne gan choinne freisin tar éis di a bheith tinn ar feadh tréimhse ghairid. Bhí mé chun ómós a thabhairt don bheirt bhan inniu agus aitheantas a thabhairt dá ndúthracht, dá ndíograis agus dá ndílseacht dá ndaltaí, dá scoileanna agus do phobal BOOÁCDL i gcoitinne. Cuireadh ar an eolas muid an tseachtain seo caite gur imigh máthair Caroline Cooney ar shlí na fírinne freisin. Beidh muid i dteagmháil leis an teaghlach ag an am seo a bhfuil siad faoi bhrón.

Tá a fhios agam freisin go mbeidh sibh i mbun machnaimh ar an gcéad Chathaoirleach eile don bhliain deireanach i dtaca leis an téarma seo den Bhord. Ar an ábhar sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Claire Markey as a ról mar Chathaoirleach agus as an bproifisiúntacht lena thug sí faoina cúram agus tá a fhios agam go mbeidh sibh ar aon fhocal liom i dtaca le buíochas ó chroí a ghabháil léi.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Claire Keane freisin as a cuid oibre le linn do Thea a bheith as láthair agus cuireann muid fáilte ar ais roimh Thea freisin.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Paul Turner freisin chuig an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta (FSC). Thosaigh Paul linn sa samhradh agus tá sé anois mar chuid de Stiúrthóireacht BOOÁCDL le Adrian, Nichola agus Siobhan. Tugaim chun cuimhne díobh, go bhfuil freagracht ar Paul, sa ról, Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta (TFE), as tacaíocht a thabhairt don eagraíocht agus lena forbairt, rud a chuimsítear thart ar 80,000 dalta, buiséad €275m, 4,500 ball foirne agus breis is 100 scoil/coláiste/ionad. Cuirfidh Paul é féin in aithne daoibh gan mhoill roimh na tuairiscí TFE sonracha don Bhord. Ba mhaith liom a chur in iúl daoibh freisin go mbeidh Allen Buckley, Príomhoifigeach Cúnta Airgeadas ag fágáil BOOÁCDL i mí Dheireadh Fómhair mar gheall ar dheis ardú céime agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Allen sula mbogann sé ar aghaidh go hIascach Intíre. Tá tús curtha againn leis an bpróiseas earcaíochta chun an príomhphost seo a líonadh chomh luath agus is féidir.

Mar is eol daoibh, táimid ag feidhmiú i dtréimhse tráth ghanntanas múinteoirí go náisiúnta i mbunscoileanna agus i meánscoileanna agus mar a bhaineann sé le teagascóirí faoi oiliúint in BOO. Tá ár ndícheall á dhéanamh againn chun dul i ngleic leis seo agus is mór againn bhur dtacaíocht i dtaca leis sin..

Tá an Príomhfheidhmeannach agus gach Stiúrthóir ar leith ag obair le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) ar bheartais náisiúnta ceannródaíocha in Scoil, BOO agus TFE.

**<u>Nuashonrú ó Stiúrthóirí Scoileannadon Bhord Meán – Fómhair 2023</u>**

Níor cuireadh tús iomlán leis na tacaíochtaí uile srl ach go dtí an tseachtain seo - Oiliúint shaincheaptha i dtaca le Cosaint Leanaí i scoileanna a lorg a leithéid.
Fáilte roimh Conchubhair Mac Ghloinn - *Príomhoide Choláiste de hÍde chuig an gcruinniú i dtaca leis an mír seo ar an gclár oibre.*

<u>Soláthar Mhí Iúil</u>
Reáchtáil Pobalscoileanna Náisiúnta Soláthar Mhí Iúil i rith mhí Iúil, le scoileanna ag soláthar oiliúint sa bhaile murar fhéidir leis an scoil múinteoir a earcú.

Reáchtáil dhá scoil DEIS an Campa Léitheoireachta do mhí Iúil, ag cur oiliúint ar fáil do ghrúpaí daltaí spriocdhírithe a raibh tacaíocht sa bhreis ag teastáil uathu, lena n-áirítear daltaí úra ón Úcráin sna scoileanna seo.

Chuir Ionaid Choinneála agus Ard-Tacaíochta cláir shamhraidh ar fáil, agus iad ar bun ar an dara seachtain de mhí Lúnasa.

Tháinig an Ciorclán 34/2023 i dtaca le Pleanáil Gníomhaithe agus Leithdháileadh Deontais DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) le haghaidh gach scoil DEIS i bhfeidhm an 10 Iúil, 2023. Tugann sé achoimre do na húdaráis bhainistíochta agus do na Boird Bhainistíochta ar na nithe seo a leanas:

- na riachtanais do scoileanna atá ag glacadh páirt sa Chlár DEIS, tabhairt faoi phleanáil chórasach le haghaidh feabhais.
- An riachtanas go mbaintear úsáid as an deontas DEIS ar mhaithe le tacú leis na leanaí agus na daoine óga sin is mó atá i mbaol maidir le míbhuntáiste.
- Bainistiú agus maoirseacht ar an deontas DEIS.
- Tacaíochtaí ar fáil chun cabhrú le scoileanna.

Gheobhaidh scoileanna treoracha nuashonraithe le haghaidh DEIS i mí Mheán Fómhair.

Foilsíodh na nósanna imeachta i dtaca le Cosaint Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Meánscoileanna (arna leasú 2023) ar an 28 Lúnasa. D'oibrigh Stiúrthóirí Scoileanna lena scoileanna faoi seach le cinntiú go bhfuil nuashonrú déanta ag na scoileanna uile ar chumhdach leanaí agus measúnú Riosca, atá le tabhairt chuig an gcéad chruinniú den bhliain, de Bhord Bainistíochta na scoileanna.

Seoladh an Curaclam nua Matamaitice Bunscoile nua do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta ar an 7 Meán Fómhair. Cuirfear ar fáil é i dtrí chéim, Tús (2023-24) Cuir i bhFeidhm (2024-25) agus Daingniú (2025-ar aghaidh).

Tá Stiúrthóirí Scoileanna ag leanúint leo ag dul i dteagmháil le Príomhoidí agus tacaíocht a chuir ar fáil trí chruinnithe rialta, cuairteanna scoile aonair chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil ag leibhéal BOOÉ do na Pobailscoileanna Náisiúnta.

Thug Conchubhair Mac Ghloinn cuir i láthair do bhaill an bhoird ar an lá forbartha gairmiúil a thit amach ar an 26 Lúnasa le haghaidh gach ceann de na 4 Ghaelcholáiste agus ghabh sé buíochas le Foireann Shinsearach Ceannaireachta BOOÁCDL as a dtacaíocht.

***D'fhiosraigh comhalta, an mbeadh muid in ann liosta de na poist mhúinteoireachta a líonamar i mbliana a chur ar fáil chomh maith le haon phost eile atá fós le líonadh inár scoileanna uile.***

Seirbhísí Don Óige

Beidh an tOifigeach Forbartha Óige úr, Claire Barkey, agus foireann Oifigeach don Óige ag leanúint leo ag dul i mbun teagmhála le Soláthar Seirbhíse don Óige i dtaca le cuir i bhfeidhm an tsoláthair de bhun UBU agus béim ar leathnú Chlár Foghlama Comhroghnach (ALP) don bhliain acadúla seo.

**Nuashonrú ó Stiúrthóir BOO don Bhord Meán – Fómhair 2023**

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna BOOÁCDL

Leanadh le seisiúin eolais agus comhairliúcháin mar a beartaíodh i mí Mheán Fómhair 2023 agus sceidealófar tuilleadh seisiún eolais níos moille sa bhliain agus luath sa bhliain seo chugainn.

Forbairt Shuaitheanta Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Sord

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

- Tá BOOÁCDL ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Fhine Gall agus SOLAS chun roghnúchán suímh a bhrú chun cinn. Reáchtálfar Léirithe Spéise gan mhoill trí chomhlacht réadmhaoine agus foilseofar é seo gan mhoill.

- Déanfaidh SOLAS, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus BOOÁCDL athbhreithniú ar na suímh mholta uile.

- Idir an dá linn, seoladh Réamhchás Gnó mionsonraithe go SOLAS. Tá saineolas QS láraithe faighte ag SOLAS chun tacú le BOOanna lena gcostais mheasta. Anois, ní mór do SOLAS tacaíocht láraithe a chur ar fáil le go gcuirfear Anailís Ilghnéitheach neamhspleách i gcrích i dtaca leis na moltaí.

Uasghrádú ar bhonneagar straitéiseach- Baile Chluain Dolcáin, Bóthar na Mainistreach

- Is dlúth shuíomh é seo, suite i lár an bhaile agus dá bharr ullmhaíodh tuairisc fhorbartha ghairid le cinntiú go gcuireann an tógáil nua an t-uasmhéid toillte ar fáil, de réir an bhuiséid atá leithdháilte do DDLETB.

<u>Nuashonrú ar mhaoiniú BOO</u>

- Bhí dóchas againn i mí an Mheithimh 2023 go gceadódh SOLAS maoiniú chun an easnamh féideartha idir ár gcéad tairiscint de €83 milliún agus ár leithdháileadh deireanach de €80 milliún amhail is nach mbeidh aon ghá ann gearradh siar ar sholáthar.

- Go foirmiúil, tá SOLAS ag rá nach bhfuil siad ag iarraidh go ngearrfaí siar ar acmhainn ach gur gá do BOOÁCDL oibriú laistigh dá bhun-leithdháileadh, i.e., €80 milliún le haghaidh BOOÁCDL BOO do 2023.

- Beidh tuarascáil chaiteachais á lorg ag SOLAS go deireadh Mheáin Fhómhair áfach, le gur féidir leo tuar níos fearr a dhéanamh i dtaca le caiteachas na bliana iomlán le haghaidh gach BOO. Déanfaidh BOOÁCDL an cás ar son tuilleadh maoinithe más gá, bunaithe ar an fhás suntasach ar an daonra thar na trí réigiún riaracháin ar a fhreastal muid agus ar an méadú suntasach ar an éileamh ar Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) thar an réigiún seo, ar gá dúinn é a chomhlíonadh i gcónaí.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Printíseacht

Tá obair na gcapall á déanamh ag BOOÁCDL agus BOOanna ar fud na tíre chun beartais éigeandála a chur i bhfeidhm a bhfuil gá leo chun an riaráiste ag eascairt as COVID 19 a laghdú, i dtaca le Printíseacht Céim 2 le haghaidh na 3 príomhréimse ceirde, leictreonach, pluiméireacht agus siúinéireacht. Mar chuid de seo, cuireadh ceardlanna leictreonacha nua le HIonad Oiliúna Bhaile Dúill agus Ionad Oiliúna Thamhlachta araon ní ba luaithe i mbliana, agus atá le hoscailt an fómhar seo. Tá moltaí curtha isteach ag BOOÁCDL ar mhaithe le maoiniú caipitil suntasach in Ionad Oiliúna Bhaile Mhaoileachlainn, rud a chuirfidh go mór le toilleadh ansin freisin.

Cé go bhfuil aghaidh tugtha ar an riaráiste ag eascairt as COVID 19, mar thoradh ar an ngeilleagar buacach ó bhí an phaindéim ann, tá méadú comhfhreagrach i dtaca leis an méid printíseach nua atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i bprintíseachtaí.

Thug BOOÁCDL le fios do SOLAS go déanach in 2022 agus arís in 2023, nach mbeadh infheistíocht chaipitil ina haonar leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar an liosta feithimh atá ag dul i méid. I gceantar Bhaile Átha Cliath, bhí sé an-dúshlánach Teagascóirí a earcú chun printíseachtaí a sholáthar mar gheall ar iomaíocht ón earnáil le haghaidh leictreoirí cáilithe, a bhfuil taithí acu agus ar féidir leo téarmaí agus coinníollacha níos fearr a thairiscint ná mar is féidir le BOOÁCDL do theagascóirí féideartha. Tá na deacrachtaí céanna i dtaca le hearcaíocht ag BOOanna eile, agus tá moill curtha ar an luas ar féidir an liosta feithimh a laghdú dá bharr.

Tá an tAire buartha faoi seo agus d'iarr sé ar an earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna go n-oibreodh siad le chéile chun oiread agus is féidir a sholáthar agus le hoibriú le hinstitiúidí Ard-Oideachais má tá toilleadh/ceardlanna sa bhreis acu timpeall na tíre.

**Nuashonrú an TFE don Bhord – Meán Fómhair 2023**

Tá ríméad orm teacht ar bord le BOOÁCDL agus tá mé ag súil le bheith ag obair leis an bhfoireann agus leis na páirtithe leasmhara lenár mbeartais straitéiseacha a sheachadadh le linn na mblianta amach romhainn. Ó thosaigh mé i mo ról go déanach i mí an Mheithimh, chuir mé béim ar thuiscint a fhorbairt ar an gcultúr a mbaineann le reáchtáil laethúil an BOOÁCDL, trí fhreastal ar chruinnithe pháirtithe leasmhara agus bhaill foirne, trí chuairteanna a thabhairt ar scoileanna agus ar ionaid BOO chomh maith le bheith ag freastal ar roinnt imeachtaí BOOÉ. Is í an bhéim a bheidh agam ar dtús ná tacaíocht a thabhairt do na réimsí tosaíochta, tógála, airgeadais agus cibearshlándála chomh maith leis an straitéis nua BOOÁCDL a sheachadadh.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Tabhair faoi deara le bhur dtoil go bhfuil muid anois ag céim sínithe léasa nua10 mbliana i dtaca leis an 5 urlár uile i 1 Geata Thuain, ag teacht sna sála ar na nuashonruithe i dtaca le léas nua don Cheannoifig BOOÁCDL a tugadh le linn na gcruinnithe Boird i Meitheamh 2022 agus Feabhra 2023. Bhí léasanna ag BOOÁCDL roimhe seo don na 1ú,2ú, 3ú agus 4ú urlár. Déanfaidh an léas nua seo na léasanna reatha a chomhdhlúthú in aon léas amháin agus ceannaireacht a ghlacadh ar an 5ú urlár freisin. Is é luach bliantúil an léasa ná €645,728. Beidh athbhreithniú cíosa ann tar éis 5 bliana gan aon clásal scortha in áit. Tá cabhair faighte againn ó chomhairleoirí dlí agus réadmhaoine le cinntiú go bhfaighidh muid luach ar gcuid airgid agus tá cead faighte againn ón Roinn Oideachais chun leanúint ar aghaidh. Tá cead a lorg anois ag Caitríona Murphy agus Paul Turner ón mBord chun leanúint ar aghaidh le síniú an léasa nua 10 mbliana agus na léasanna atá ann cheana a thabhairt suas.

***Thug an Bord cead do Caitríona Murphy agus Paul Turner leanúint ar aghaidh le síniú an léasa nua 10 mbliana do 1 Geata Thuain agus na léasanna ata ann cheana a thabhairt suas.***

Tabhair faoi deara le bhur dtoil go tugadh cead d'iasacht leanúnach Paddy Lavelle mar rúnaí Ginearálta an BOOÉ agus cuireadh síniú leis an bPríomhfheidhmeannach reatha, Caitríona Murphy ón 7 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024. Líonfar na poist iarmhartacha chomh maith.

***D'iarr comhalta an bhféadfadh leis an mBord comhairle dlí a lorg maidir le post an Phríomhfheidhmeannaigh a bheith ina phost gníomhach fós tar éis 4 bliana.***

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

## 5.1 Tuarascáil Airgeadais

**BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH & DHÚN LAOGHAIRE**

**TUARASCÁIL AIRGEADAIS**

**BLIAIN GO DTÍ SEO MÍ LÚNASA 2023**

| Clár | Iarmhéid Tosaigh Airgead Deontais 1 Eanáir 2023 | Fáltais | Íocaíochtaí | Iarmhéid Deiridh Airgead Deontais 31 Lún 2023 |
|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN AN PHÁ PHRÍOMHSCÉIME | (1,740,048) | (86,096,632) | 91,548,513 | 3,711,833 |
| IOMLÁN AN NEAMHPHÁ PHRÍOMHSCÉIME | (5,692,436) | (5,543,983) | 7,218,083 | (4,018,336) |
| IOMLÁN PRÍOMHSCÉIM CHOMHLACHAITHE | (7,642,948) | (3,344,049) | 2,423,885 | (8,563,112) |
| IOMLÁN CHAIPTEAL | (1,637,223) | (1,898,423) | 1,405,082 | (2,130,564) |
| IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA | (9,029,898) | (13,492,364) | 13,371,193 | (9,151,069) |
| IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL | (171,666) | - | - | (171,666) |
| IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS & OILIÚNA | (2,652,492) | (53,658,498) | 50,490,400 | (5,820,590) |
| IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ DON ÓIGE | (1,882,853) | (7,737,617) | 8,051,380 | (1,569,090) |
| IOMLÁN NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ | (1,203,349) | (3,352,041) | 3,754,504 | (800,886) |
| IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE | (8,986,597) | (3,458,233) | 3,710,219 | (8,734,611) |
| Iarmhéid Bainc | (40,639,510) | (178,581,840) | 181,973,259 | (37,248,091) |

Bhí iarmhéid thart ar €37m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL ag deireadh mhí Lúnasa.

Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Chomhlachaithe, Bunscoileanna, Caipiteal agus Breisoideachas & Oiliúint sa Tábla thuas.

| | | Iarmhéid Tosaigh | Fáltais | Íocaíochtaí | Iarmhéid Deiridh |
|---|---|---|---|---|---|
| PS Chomhlachaithe | DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN & TCP IN AIMSIR COVID19 | (704,028) | (725,451) | 407,595 | (1,021,884) |
| Bunscoileanna | DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN & TCP IN AIMSIR COVID19 | (126,236) | (168,356) | 211,731 | (82,861) |
| Caipiteal | DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID19 | (429,117) | - | 111,802 | (317,315) |
| BOO | Forchostais COVID19 | (69,282) | - | 11,222 | (58,060) |

Cruinniú BOOÁCDL Meán Fómhair 2023 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Foirgnimh

| Mórthionscadail Chaipitil 2023 | | |
|---|---|---|
| **Ainm Scoile/Ionaid** | **Ceantar** | **Nuashonrú Stádais** |
| Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Comhairle Contae Fhine Gall | Tá an próiseas Ceistneoir Réamhcháiliúcháin (PQQ) curtha i gcrích. Nuashonrú ar an bpacáiste tairisceana de dhíth chun dícharbónú a chur san áireamh. |
| Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán | Leamhcán, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Tá an tionscadal ag céim tairisceana an speisialtóra. Táthar ag súil le go gcuirfear tús le hoibreacha suímh i R1/2 2024. |
| Coláiste Chilliain, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 | Baile Átha Cliath Theas/Thiar, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Tá an tionscadal á bhainistiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Táthar ag súil le go gcuirfear tús le hoibreacha suímh go déanach i R4 2023. |
| Gaelcholáiste Reachrann, Bóthar Mhainistir na Gráinsí, Baile Átha Cliath 13 | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Mar chuid de na riachtanais pleanála athbhreithnithe, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag impigh ar roinnt beartas glais a chur i bhfeidhm mar chuid den tionscadal iomlán. Bhí breisithe suntasacha ar an bpacáiste tairisceana molta mar thoradh ar na leasuithe seo. Eiseofar an pacáiste tairisceana go mall i R1 2024. |
| Páirc Bhaile Chóilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 | Baile Átha Cliath Thiar Theas<br>Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Svuít RSO faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Conraitheoir ceaptha. Ar an láthair faoi láthair. Oibreacha le críochnú i R1 2024. |
| CP Naomh Finian, Feirm an Chaisleáin, Sord | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh<br>Limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall | Staidéar Féidearthachta le haghaidh 2 Scoil. 1000 dalta ar bun faoi láthair ag an Roinn Oideachais. |
| Coláiste Pobal Fóla Iarthar na Cathrach | Iarthar na Cathrach<br>Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Tógáil nua ar an suíomh reatha faoi stiúir na Roinne Oideachais. Tiocfaidh tairiscint an phríomhchonraitheora ar ais an 22 Meán Fómhair 23. Táthar ag súil le go gcuirfear tús le hoibreacha suímh go déanach i R1 2024. |

| | | |
|---|---|---|
| Coláiste Pobail an Ghrífín. | Leamhcán, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Scoil nua-thógtha faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tiocfaidh tairiscint an phríomhchonraitheora ar ais ar an 22 Meán Fómhair 23. Táthar ag súil le go gcuirfear tús le hoibreacha suímh go déanach i R1 2024. |

## Oibreacha Samhraidh 2023

| AinmScoile/Ionaid | Ceantar | Stádas Tionscadail |
|---|---|---|
| Coláiste Pobail Naomh Caoimhín | Leamhcán, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. | Saotharlanna Eolaíochta a athfheistiú. Oibreacha curtha i gcrích anois. |
| Coláiste Cois Life | Leamhcán, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Athfheistiú a dhéanamh ar 3 sheomra eolaíochta. Oibreacha curtha i gcrích anois. |
| Coláiste Pobail Ráth Dara Bóthar Bhaile Bhlainséir Thuaidh. Danú CSS | Baile Bhlainséir, Comhairle Contae Fhine Gall | Oibreacha i dtaca le hathchur dín. Méadú suntasach ar chostas an tionscadal, ag fanacht ar fhaomhadh na Roinne Oideachais agus Scileanna i dtaca leis na costais agus chun an tairiscint a sheoladh. Cruinniú teicniúil na Roinne Oideachais sceidealaithe don 20 Meán Fómhair 2023. |
| Coláiste de hÍde, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. | Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Insliú Dín.<br>Méadú ar chostais, ag fanacht ar fhaomhadh na Roinne Oideachais agus Scileanna. |

| TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH 2023 | | |
|---|---|---|
| **Ainm Scoile/Ionaid** | **Ceantar.** | **Stádas/Nuashonrú Tionscadail.** |
| Coláiste Pobail na Sceirí | Na Sceirí, Comhairle Contae Fhine Gall | Trí Sheomra Ranga Ginearálta. Seomra Ranga Eacnamaíocht Bhaile agus Seomra Ranga Ealaíne . Foireann deartha ceaptha. Oibreacha suímh le tosú agus an tionscadal le críochnú go déanach i R4 2023. |
| PSN an Mhóinéir Leathain | Sord, Comhairle Contae Fhine Gall | Tionscadal curtha i gCrích. |
| PSN Ghleann na hAbhann | Sord, Comhairle Contae Fhine Gall | Tionscadal curtha i gCrích. |

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

| | | |
|---|---|---|
| Coláiste Pobail na Gráinsí & Gaelcholáiste Reachrann | Domhnach Míde Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Tionscadal curtha i gCrích. |
| SNP Thamhlachta, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. | Baile Átha Cliath Thiar / Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 2. Sheomra Ranga ROS beagnach curtha i gcrích. 2. Sheomra ROS ASA le críochnú ar shuíomh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i R4 2023. |
| Coláiste Pobail Éireann | Páirc Hans, Comhairle Contae Fhine Gall | Tionscadal curtha i gCrích. |
| Coláiste Pobail Bhaile Brigín | Baile Brigín Comhairle Contae Fhine Gall | Tionscadal curtha i gCrích. |

| **Ionaid Bhreisoideachais & Oiliúna: Tionscadail faoi Phleanáil agus Dul Chun Cinn 2023** | | |
|---|---|---|
| Ionad Traenála Tamhlachta<br>Bóthar Bhaile an Chócaigh, Tamhlacht | Baile Átha Cliath Thiar / Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 1) Uasghrádú ar Sheomra Oibre Phrintíseachta Leictreonach. Ar siúl.<br>2) Oibreacha éigeandála H&S, chun oibreacha feabhais suntasacha a dhéanamh don phríomh-struchtúr. Tá an tairiscint comhairleora le haghaidh suirbhéanna iniúchta tagtha ar ais. |
| Ionad Traenála Bhaile Dúill<br>Baile Dúill, Baile Átha Cliath 13 | Baile Dúill<br>Comhairle Contae Fhine Gall | Uasghrádú ar Sheomra Oibre Phrintíseachta Leictreonach. Curtha i gcrích. |
| Oideachas Aosach agus Ógtheagmháil Chluain Dolcáin | Baile Átha Cliath Thiar / Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Tá síneadh nua molta mar chuid den chiste um bhonneagar straitéiseach. Forbairt treorach ag teacht chun críche. |
| Coláiste Pobail na nGlaschnoc<br>Ascaill na Tiníleach, Baile Átha Cliath 24 | Baile Átha Cliath Thiar / Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Athrú dín ar siúl, beagnach críochnaithe. |

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



| | | |
|---|---|---|
| Coláiste na Todhchaí | Sord, Comhairle Contae Fhine Gall | Athbhreithniú Réamhshuíomh déanta. Teagmháil déanta le gníomhaire tráchtála. Tús á chur le cuardach suímh. Cruinnithe leanúnacha le Comhairle Contae Fhine Gall agus Solas. Grúpa stiúrtha le bheith bunaithe. |
| Tuarascálacha i dtaca le Coinníoll Tógála (Ógtheagmháil) | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas<br>Comhairle Contae Fhine Gall | Tairiscint curtha ar ais chun an Coinníoll Tógála reatha a mheas Comhlíonadh i dtaca le Fuinneamh Éifeachtúlacht, Rochtain agus Sábháilteacht Tine de chuid 5 Ionad BOO. |
| Ionad Oiliúna Bhaile Mhaoileachlainn | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Tá iarratas curtha faoibhráid SOLAS chuniontógáilféideartha na ceardlainneleictreonaigh a mhéadúó 84 go 252 dalta in aghaidh na bliana. |

| Ábhar Réadmhaoine: Meán Fómhair 2023. | | |
|---|---|---|
| Ionad Bhaile Dhún Droma, Aonad 2. | Léas imithe in éag ó 2017 | Léas réidh le síniú. |

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

| | | |
|---|---|---|
| Teach Manguan Maigh Eo | Ní mór tailte a aistriú ar ais go BOOÁCDL. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL. | Measúnú ar bun leis an Dlíodóir. |

| | | |
|---|---|---|
| Halla Spóirt & Páirc Uile-Aimsire Dhomhnach Bat. | Níl aon chomhaontú foirmiúil ann atá níos sine ná 10 mbliana d'aois i dtaca lenár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce le cinneadh. | Léas ag na céimeanna deireanacha, agus réidh le síniú le Comhairle Contae Fhine Gall. Buailfidh Stiúrthóir an TFE le Stiúrthóir Seirbhíse Chomhairle Contae Fhine Gall chun dul i mbun idirbheartaíochta i dtaca leis na céimeanna deireanacha, chomh maith le hath-chairpéad na páirce. |

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

| | | |
|---|---|---|
| Doiciméad Beartais: Idirbhearta talún in BOOÁCDL. | Á gcur le chéile lenár n-dlíodóir. Faisnéis ar Léas/Ceadúnas/MOU/Pátrúnacht/SLA/campas/roinnte/Socruithe grúpaí úsáideoirí tríú páirtí. | Táthar anois ag obair ar seo trí BOOÉ agus glacfar le doiciméad le haghaidh na BOOanna uile. Tá BOOÁCLD ag obair ar an gcoiste. seo. Is faoiComhaontuithe Campais Roinnte iad na céad beartais eile. 2) Grúpaí úsáideoirí tríú páirtí a bhfuil halla agus spáis ar cíos acu |

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

| | | |
|---|---|---|
| Aonad Bhaile Dúill, Aonad Satailíte le haghaidh IT Bhaile Dúill | Léas atá ann cheana, tabhair faoi deara gurb é seo an chéad imeacht ó Léas Dlíthiúil. | Ag teacht chun críche. Trochlaithe aontaithe. |
| Sean-Ionad Oiliúna an Lucht Siúil Naomh Ciarán | Níl in úsáid, suíomh folamh | Beidh sé seo á bhaint ónár gclárú réadmhaoine toisc nach bhfuil aon teidlíocht dlíthiúil againn. Á thabhairt chun críche leis an Roinn Oideachais. |
| Comhaontuithe ar Leibhéal na Seirbhíse/ MOU | 1) Oideachas Aosach, Bhaile Brigín<br>2) Comhaontú Campais ar charrchlós nua, Coláiste Pobail Lusca | Curtha i gcrích<br>Curtha i gcrích |
| Ógtheagmháil an Naigín | Ceadúnas le haghaidh 1 bhliain amháin le cumann sacair/Ionad Naoimh Seosamh | Curtha i gcrích |
| Ascaill Eblana | Léas le haghaidh Lóistín Éigeandála | Curtha i gcrích agus i mbun oibre i dtaca le ceadúnas le haghaidh crosscare atá lonnaithe sa láthair ar chúl mar chaife. |
| Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath | Dhá cheadúnas chun gléasanna mhonatóireacht fuaime a shuiteáil ar CC Ard Giolláin & Domhnach Bat araon | Curtha i gcrích |

*Foinse Tuairisce: Treacy Byrne Leas-Príomhoifigeach um Fhoirgnimh agus Riaracháin Réadmhaoine.*
*Ross Lynam Leas-Príomhoifigeach um Fhoirgnimh agus Chaipiteal Teicniúla.*

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Rinneadh athfhorbairt agus pleanáil le haghaidh PSN an Mhóinéir Leathain agus Naomh Cronin (scoil neamh-BOOÁCDL) a phlé.

**5.3 Nuashonraithe ar Phróifíl na Foirne- Tugtha ar Aird**

Ceapacháin & Arduithe Céime

Lucht Scoir

Sosanna Gairme

**5.4 Clár Riosca: Tugtha ar Aird**

**5.5 Beartais: Tugtha ar Aird**

**6. Ábhair arna gCur faoi bhráid ag an mBord**

ionadaí an Bhoird foirne éirithe as

**7. An Chéad Chruinniú Eile:** 16 Deireadh Fómhair, 2023 @ 4.30pm